snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

## AN BOSCA CABAIREACHTA
# AG CEANGAL ABAIRTÍ

### Aidhm

Ag ceangal abairtí.

Ceanglaíonn foghlaimeoirí abairtí éagsúla sa bosca cabaireachta le chéile chun scéal a chruthú.

### Treoir

Iarr ar gach foghlaimeoir abairt a chumadh faoi aon topaic ar mian leo. Nuair a thugann an múinteoir comhartha go bhfuil sé in am tosú, scríobhann gach éinne an abairt atá cumtha acu sa bhosca cabaireachta – iad ar fad ag scríobh ag an am céanna. Nuair atá an méid sin déanta, beidh an-chuid abairtí nach bhfuil aon cheangal acu lena chéile sa bhosca. Ansin iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla 3-4 cinn de na habairtí a cheangal chun scéal a chruthú. Abair leo a bheith samhlaíoch!

### Forbairt / Nótaí

Ní gá go mbeadh an méid atá sa scéal díreach glan mar atá scríofa sa bhosca cabaireachta – mar shampla má scríobh duine éigin 'D'imigh Seán go Páras' agus duine eile 'Tá mé tuirseach', is féidir 'dul go Páras' agus 'tuirse' a cheangal mar seo – 'D'imigh Seán go Páras agus tá sé tuirseach anois mar….'(agus úsáid na habairtí eile ar fad ansin).